*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*




# Scéal Oilibhéir

## Nuachtlitir 8-12-2023

### TRÉIMSHE NA hAIDBHINTE | *Advent*

An Domhnach seo caite ab ea chéad Domhnach na hAidbhinte. Ciallaíonn an focal Béarla "Advent" go bhfuil duine nó rud nó ócáid éigin ag *teacht*. Bíonn ceithre Dhomhnach i dtréimhse na hAidbhinte (ní bhaineann sé le *seachtainí*) agus bímid ag ullmhú chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhreith Íosa.
'Sé an chéad Domhnach san Aidbhint tús na bliana don Eaglais

**Fleasc na hAidbhinte**

Seasann an ciorcal do Dhia, gan tús ná deireadh lena ghrá, lena thrócaire
Léiríonn na duilleoga síorghlasa go mbíonn athnuachan, go bhfuil an bheatha shíoraí i ndán dúinn

**Na Coinnle**

Seasann na coinnle don tréimhse feithimh sin. Baineann an dath corcra le ríogacht agus baineann sé le haithreachas agus le troscadh. Bíonn an coinneal deireanach bán agus seasann sé don leanbh Íosa gan smál, gan mháchail, a tháinig chun peacaí an Domhain a ghlanadh.

| | |
|---|---|
| Coinneal an **Dóchais** | Tugtar coinneal na tairngreachta ar an gcoinneal seo freisin |
| Coinneal na **Síochána** | Tugtar coinneal Beithile nó Coinneal an Ullmhúcháin ar an gcoinneal seo freisin |
| Coinneal na **Lúcháire** | Tugtar coinneal an Aoire ar an gcoinneal seo freisin |
| Coinneal an **Ghrá** | Tugtar coinneal na nAingeal ar an gcoinneal seo freisin |
| Coinneal **Bán** do bhreith Íosa | Tugtar coinneal an Chríost ar an gcoinneal seo freisin |

*Last Sunday was the first Sunday of Advent. The word Advent means that someone, something or some occasion is "coming". There are four Sundays in Advent (not weeks) and we prepare to celebrate the birth of Jesus. The first Sunday of Advent is also the beginning of the Christian Church's year.*

***Advent Wreath***

*The circle represents God, and the eternity of His love and mercy, without beginning or end. The evergreen leaves represent renewal and that eternal life awaits us.*

***The Candles***

*The candles represent this period of waiting. The colour purple is long associated with royalty but also with reconciliation and fasting. The last white candle represents the Child Jesus, pure and without blemish who came to wash away the sins of the world.*

| | |
|---|---|
| *The Candle of **HOPE*** | *Also known as the Prophecy Candle* |
| *The Candle of **PEACE*** | *Also known as the Bethlehem Candle or the Preparation Candle* |
| *The Candle of **JOY*** | *Also known as the Shepherd's Candle* |
| *The Candle of **LOVE*** | *Also known as the Angel's Candle* |
| *The **White** Candle for the birth of Jesus* | *Also known as the Christ Candle* |

### Féile na Giniúna gan Smál | *Feast of the Immaculate Conception*

D'eagraigh Múinteoir Lára searmanas álainn uilescoile chun an ócáid seo a cheiliúradh. Bhí gach rang sa scoil páirteach agus táimid ar fad iomlán ullamh do shéasúr na Nollag anois!

*Múinteoir Lára organised a lovely whole-school ceremony to celebrate this occasion. Every class in the school participated and we're all fully prepared now for the Christmas season!*

### Spórt | *Sport*

Táimid anois ag glacadh le clárúcháin do Chomórtas Snámha na Scoileanna Laighean. Chuaigh teachtaireacht *Aladdin* abhaile faoi do na ranganna sin atá sean go leor le páirt a ghlacadh.

*We are now accepting registrations for the Leinster Schools Swim Competition. An Aladdin went home to those children old enough to take part.*

*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*

## Cumann na dTuismitheoirí | *Parents' Association*

Míle buíochas le gach duine a thacaigh le Tráth na gCeist roimh an tSamhain. Rinne Cumann na dTuismitheoirí obair na gcapall agus tar éis costaisí, gnóthaíodh €3354.50. Chuaigh an Cumann ar aghaidh gan mhoill ansin chun Aonach na Nollag den scoth a eagrú. Bhí an-lá sa scoil agus táimid an-bhuíoch de na tuismitheoirí/caomhnóirí ar fad a d'eagraigh na seomraí agus na stallaí éagsúla. Ócáid álainn a bhí ann do phobal na scoile agus is cinnte gur mhúscail sé sprid na Nollag ionainn go léir.

*Many thanks to all who supported the Table Quiz before Halloween. The Parents' Association did Trojan work and after expenses, €3354.50 was collected. The Association moved on then without delay to organise a fantastic Christmas Fair. It was a great day in the school and we are very grateful to all the parents/guardians who organised the various rooms and stalls. It was a lovely occasion for the school community and it definitely awakened the Christmas spirit in us all.*

## Oscailt Oigigiúil do Rang na Réaltaí | *Official Opening of Rang na Réaltaí*

Bhí ócáid lúcháireach againn ar an Aoine, 1 Nollaig, nuair a osclaíodh Rang na Réaltaí. Ba cheiliúradh uile scoile a bhí ann le cuairteoirí deasa, idir thuismitheoirí agus ionadaithe poiblí áitiúla. Bhí deis ag na páistí an obair iontach a bhíonn ar siúl acu le Múinteoir Mícheál agus le Claire agus le Ciara a léiriú. Ba lá mór mórtais é i stair Scoil Oilibhéir!

*We had a joyful occasion last Friday, 1 December, when we officially opened* Rang na Réaltaí*. It was a whole-school celebration with some lovely visitors, between parents and local public representatives. The children had an opportunity to showcase all the great work they do with Múinteoir Mícheál and Claire and Ciara. It was a really proud in the history of the Scoil Oilibhéir.*

## Seó na nÓg | *Junior Show*

Beidh Séo na nÓg ar an Aoine 15 Nollaig ag tosú ar a 12:00. **Ní bheidh cead isteach go dtí 11:45**. Féach thíos Ord Reatha garbh – ní féidir linn riamh a bheith cinnte go leanfaidh ár gcuid réalta na treoracha seo ach seo an plean! Beidh bailiúchán ag an doras más mian leat síntiús a dhéanamh do Thearmann na mBan, (iomlán roghnach) agus gheobhaidh gach éinne ticéad do chrannchur beag ag an deireadh.

| | |
|---|---|
| Naíonáin Bheaga Ghlasa | 12:00 |
| Rang a hAon | 12:10 |
| Naíonáin Mhóra | 12:25 |
| Naíonáin Bheaga Bhuí | 12:45 |
| Rang a Dó | 13:00 |

*The Junior Show will be on Friday, 15 December starting at 12:00. There will be* ***no entry before 11:45*** *See above a rough Running Order for the shows – we can never be certain that our stars will follow these directions but this is the plan! There will be a collection at the door if you would like to donate to the Women's Refuge, (totally voluntary) and everyone will be entered into a little raffle at the end.*

## Seirbhís Carúl na nArdranganna | *Senior Classes' Carol Service*

Beidh Seirbhís Carúl na nArdranganna i Séipéal Thomáis i Lóiste na Labhras ar an Máirt 19 Nollaig idir 19:30: agus 21:00.
*The Senior Classes' Carol Service will take place in St. Thomas' Church Laurel Lodge on Tuesday 19 December between 19:30 and 21:00*

## Dúnadh na Nollag | *Christmas Closure*

Dúnfar an scoil ar an Aoine 22 Nollaig ar 12:00. Beidh cead ag na páistí a gcuid éadaí féin a chaitheamh agus rud nó dhó deas milis a thabhairt isteach le **cosc iomlán ar chnónna ar ndóigh.** Osclófar an scoil arís ar an Luan 8 Eanáir 2024.
*The school will close on Friday 22 December at 12:00. Children may wear their own clothes and can bring in some treats.* ***Total ban on nuts of course.*** *We will reopen on Monday 8 January 2024.*

## Féinmheastóireacht Scoile | *School Self-Evaluation*

Táimid tar éis tús a chur le bailiú na fianaise maidir le mothúcháin na bpáistí i leith na scoile. Bainfear úsáid as modheolaíochtaí éagsúla chun é seo a dhéanamh ag brath ar aois na bpáistí

*We have begun working on collecting evidence regarding the children's feelings towards school. Various methodologies will be used, depending on the age of the children.*

## Dátaí don Dialann | *Dates for the Diary*

| | | |
|---|---|---|
| **15-12-2023** | Seó Nollag na nÓg: Naíonáin Bheaga – R2 \| *Christmas Show: Junior Infants - 2nd Class* | Le socrú \| *TBC* |
| **19-12-2023** | Seirbhís Carúl na nArdranganna – R3 – R6 \| Senior Classes Carol Service – R3 – R6 | Séipéal Thomáis 19:30 |
| **22-12-2023** | Saoire na Nollag \| *Christmas Holidays* | 12:00 |
| **22-3-2024** | Cóineartú \| *Confirmation* | 11:00 |
| **25-5-2024** | Comaoineach \| *Communion* | 11:00 |